

PREASEISIÚINT

An 16 Meán Fómhair 2020

An Daingean ó Chian

Clár na Féile Seolta ag Dingle Lit

Tar éis a fheabhas ar fad a d'éirigh leis an gcéad fhéile in 2019, is cúis áthais do Dingle Lit slua iontach eicléicteach d'údair agus d'imeachtaí a fhógairt d'Fhéile Liteartha 2020, a bheidh ar siúl ón 20 go dtí an 22 Samhain. Is é a bheidh á thairiscint ag *An Daingean ó Chian* ná rogha imeachtaí beo ar líne, ina ndéanfar scríbhneoirí as Éirinn agus ón iasacht a cheiliúradh, agus ina mbeidh filíocht, drámaíocht agus ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithe á dtairiscint.

I measc na ndaoine mór le rá a bheidh i láthair ag an bhféile beidh an t-aisteoir Gabriel Byrne agus é ag caint faoin mbeathaisnéis atá ar na bacáin aige, *Walking with Ghosts*, mar aon leis an údar Brit Bennett, a bhfuil a húrscéal, *The Vanishing Half*, a dhéanann coincheapa an chine agus na féiniúlachta a iniúchadh, ina leabhar sárdhíola de chuid an *New York Times*.

Cuirfear agallamh ar an údar Nigéarach Abi Daré faoina húrscéal, *The Girl with the Louding Voice*, atá léanmhar agus caithréimeach in éineacht, agus labhróidh Sarah Moss faoina húrscéal *Summerwater*, saothar a bhfuil an greann dubh mar chomhartha sóirt ann.

Ar na himeachtaí lán-Ghaeilge a bheidh ar siúl, beidh Tae Beag le Mary Kennedy, a labhróidh faoina cuid scríbhneoireachta agus faoi na leabhair agus na húdair atá tar éis dul i bhfeidhm uirthi. Ciara Ní É agus Dairena Ní Chinnéide a bheidh ar an stáitse ag léiriúchán IMRAN d'Odaisé Hóiméir. Iniúchadh ar radhairc íocónacha Iarthar Chiarraí a bheidh san imeacht *Bealach na Scríbhneoirí*, ina mbeidh sleachta á léamh ag údair óna saothair phróis agus filíochta, agus in imeacht eile, *Scríbhneoirí ag a nDeasc*, beidh scríbhneoirí mór le rá ag cur a leideanna agus a gcomhairle i láthair trí Ghaeilge.

Ar na húdair Éireannacha eile a bheidh á gcomóradh i rith Dingle Lit, beidh Doireann Ní Ghríofa, Cathy Kelly, Mary O'Donnell agus Sara Baume, a dhéanfaidh go léir a gcion féin ar mhaithe le clár iontach a chur faoinár mbráid.

Chun iarracht den splanc agus den chraic a chur faoin imeacht, beidh déanamh manglam ar siúl, bunaithe ar an leabhar *Peaky Blinders Cocktail Book*, anuas ar chócaireacht le JP McMahon, cócaire a bhfuil réalta Michelin aige, agus a leabhar, *The Irish Cookbook*.

Is ar líne a reáchtálfar Dingle Lit 2020 ar an bhformhór, agus ba mhisniúil cheannasach cinneadh an choiste na himeachtaí beo a óstáil ar láithreán gréasáin Dingle Lit. Beidh líon beag imeachtaí hibrideacha ann, a mbeidh lucht féachana beag i láthair acu agus a bheidh sruthaithe beo ar líne san am céanna.

Agus í ag labhairt faoin bhféile atá ar na bacáin, dúirt Stiúrthóir na Féile, Sheila O'Reilly,

Is cúis áthais dúinn a dhearfaí atá daoine faoin bhFéile a bheith ag dul ar aghaidh. Is baile é seo atá inaitheanta le féilte, agus táimid go léir ag dréim go mór leis an bhFéile Liteartha.....

Chun réamhchlárú d'imeachtaí agus chun clár iomlán na féile a fheiceáil,
féach www.dinglelit.ie

CRÍOCH

**Chun tuilleadh eolais a fháil: Bí i dteagmháil le Siobhán Prendergast 089
4833793 nó dinglepublishing@gmail.com**

--

Sheila O'Reilly
Festival Director Dingle Lit
Dingle Literary Festival
www.dinglelit.ie
@dinglelit
www.facebook.com/dingleliteraryfestival
085 867 8955